# Cónascadh na gcluichí Gaelacha

Eochairfhocail: cónascadh, camógaíocht, peil na mban, ardstiúrthóir, spriocanna

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:


1.Ainmnigh na trí eagraíocht a bhfuil sé i gceist acu cónascadh a dhéanamh faoin mbliain 2027?
2.Cad é an rud nach bhfuil leagtha amach ag na heagraíochtaí sin go fóill?
3.Cén ról atá ag Jarlath Burns faoi láthair?
4.Cad a d'fhoilsigh an coiste stiúrtha coicís ó shin, dar le hAoife O'Connor?
5.Cad a bheidh ag teastáil an bhliain seo chugainn má theastaíonn ó na trí eagraíocht a gcuid spriocanna a bhaint amach, de réir Aoife?
6.Cad a d'fhógair Helen O'Rourke an tseachtain seo caite?
7.Cén fhad a chaith Sinéad McNulty mar Ardstiúrthóir Chumann Camógaíochta na hÉireann?
8.Cén chonspóid a bhí sa chamógaíocht i mbliana agus a ndéanann Aoife O'Connor tagairt di?
9.Ainmnigh na trí ábhar plé atá le déanamh go fóill ag na heagraíochtaí.
10. An gceapann tú gur smaoineamh maith é an cónascadh seo?

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

**Féach ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas.**

| | |
|---|---|
| Beartaíodh cúpla bliain ó shin Cumann Lúthchleas Gael, an | as a róil le déanaí |
| Thug Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael le fios go | 500 milliún Euro a bheith ag baint leis an gcónascadh |
| Níl mórán fianaise faoin gcónascadh | chónascadh |
| Is cosúil go mbeidh ainm amháin | a tréimhse mar Ardstiúrthóir ar an gCumann Camógaíochta |
| D'éirigh beirt de na mná is tábhachtaí i saol an spóirt in Éirinn | a bhuí le Sinéad McNulty |
| Chaith Helen O'Rourke ocht mbliana | le socrú idir na trí eagraíocht éagsúla |
| Rinne O'Rourke an-chuid gaiscí le linn | feicthe ag cosmhuintir na n-eagraíochtaí go dtí seo |
| Tá an Cumann Camógaíochta in áit níos fearr anois ná mar a bhí sé | faoin mbliain 2027 |
| Tá an-chuid ábhar plé fós | is fiche mar phríomhfheidhmeannach Chumann |
| Táthar ag súil an cónascadh a chur i gcrích | ar an eagraíocht nua a bhunófar |

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:



**Samhlaigh gur duine de na hoifigigh tú atá i láthair ag na cainteanna idir Cumann Lúthchleas Gael, an Cumann Camógaíochta agus Cumann Pheil na mBan. Is oifigeach de chuid Chumann Pheil na mBan tú. Scríobh óráid ghearr 150 focal faoi na tosaíochtaí a bheadh agaibh mar eagraíocht. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

| | |
|---|---|
| is iontach an rud é go bhfuil.... | tá cúpla ábhar imní againn |
| áiseanna maithe | ag roinnt acmhainní |
| déanfaimid ár ndícheall | ag obair as lámha a chéile |
| ag comhoibriú | fás agus forbairt na gcluichí Gaelacha |
| Is iad na spriocanna atá againn ná... | Le cúnamh Dé |

# Freagraí:

1.Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Pheil na mBan agus an Cumann Camógaíochta
2. Sceideal beacht
3. Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael
4. Prionsabail an chomhtháthaithe/chónasctha
5. Luas níos tapúla
6. Ag éirí as a ról mar phríomhfheidhmeannach Chumann Pheil na mBan
7. 6 bliana
8. Conspóid na sciortaí
9. Airgead, áiseanna agus acmhainní a roinnt

